V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS tALMHAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Fógra tionscnaimh ar athbhreithniú maidir le dul in éag na mbeart frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe den chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine

(2022/C 40/01)

Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag ([1]) na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm maidir le hallmhairí feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe den chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine ("na tíortha lena mbaineann"), tá iarraidh ar athbhreithniú faighte ag an gCoimisiún Eorpach ("an Coimisiún") de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([2]) iad.

1. Iarraidh ar athbhreithniú

An 26 Deireadh Fómhair 2021, chuir Coiste Cosanta na bhfeistis cruach dosmálta buntáthaithe atá i dtionscal an Aontais ("an t-iarratasóir") an iarraidh isteach thar ceann thionscal an Aontais i réimse feistis áirithe feadán agus píobán den chruach dosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

Tá leagan oscailte den iarraidh agus den anailís ar an méid tacaíochta a thugann táirgeoirí an Aontais don iarraidh ar fáil sa chomhad le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara. Tugann Roinn 5.6 den Fhógra seo faisnéis maidir le rochtain ar an gcomhad do pháirtithe leasmhara.

2. Táirge faoi athbhreithniú

Is é táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo feistis feadáin agus píobáin buntáthaithe, de ghráid cruach dhosmálta ástainíteach, a fhreagraíonn do chineálacha AISI 304, 304L, 316, 316L, 316Ti, 321 agus 321H agus a gcoibhéis sna noirm eile, nach mó a trastomhas seachtrach ná 406,4 mm agus tiús balla 16 mm nó níos lú acu, nach lú ná 0,8 micriméadar (Ra) meán gairbhe (Ra) an dromchla, bíodh sé críochnaithe nó ná bíodh, dar thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne agus an Téaváin ('an táirge faoi athbhreithniú), a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7307 23 10 agus ex 7307 23 90 (cóid Taric 7307 23 10 15, 7307 23 10 25, 7307 23 90 15, 7307 23 90 25). Is chun críoch faisnéise amháin a thugtar cóid AC agus TARIC.

([1]) IO C 168, 5.5.2021, lch. 5.
([2]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

3. **Bearta reatha**

Is dleacht chinntitheach frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ón gCoimisiún iad na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair ([3]).

4. **Na forais leis an athbhreithniú**

Tá an iarraidh bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh siad arís de thoradh dhul in éag na mbeart.

4.1. ***Líomhain gur dócha go leanfar den dumpáil***

4.1.1. *Líomhain gur dócha go leanfar le dumpáil ó Dhaon-Phoblacht na Síne*

Mhaígh an t-iarratasóir nach bhfuil sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun dóchúlacht leanúint le dumpáil ó Dhaon-Phoblacht na Síne a shuíomh, i ngeall ar shaobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Chun bunús a thabhairt leis na líomhaintí maidir le saobhadh suntasach, bhí an t-iarratasóir ag brath ar an bhfaisnéis atá sa tuarascáil tíre a chuir seirbhísí an Choimisiúin ar fáil an 20 Nollaig 2017 ina ndearnadh cur síos ar imthosca sonracha an mhargaidh i nDaon-Phoblacht na Síne ([4]). Thagair an t-iarratasóir, ach go háirithe, do shaobhadh mar láithreacht an stáit i gcoitinne agus ar bhealach níos sonraí in earnáil na cruach (is é an píobán cruach dosmálta ina phríomh-amhábhar) agus saobhadh i ndáil leis an talamh, fuinneamh, caipiteal agus saothar.

Ina theannta sin, bhí an t-iarratasóir ag brath ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí, go háirithe ar thuarascáil ó Chomhlachas Tráchtála an Aontais Eorpaigh sa tSín ([5]), ar thuarascáil ([6]) ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, ar Thuarascáil na nAirí san Fhóram Domhanda maidir le Ró-acmhainn sa Tionscal Cruach ([7]), ar an 13ú plean cúig bliana d'earnáil na cruach agus ar na rialacháin lena bhforchuirtear dleacht chinntitheach frithdhumpála ar allmhairí píobáin agus feadáin táthaithe áirithe den iarann agus den chruach neamhchóimhiotalaithe de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise tar éis athbhreithniú ar dhul in éag agus ar dhleacht shealadach fhrithdhumpála ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta de chruach dhosmálta áirithe de thionscnamh na hIndinéise, na Síne agus na Téaváine tar éis athbhreithniú ar dhul in éag agus ar dhleacht shealadach fhrithdhumpála ar allmhairí de phíobáin iarainn agus den chruach neamhchóimhiotalacha de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise ([8]).

I bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, measann an Coimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán a d'fhéadfadh a léiriú, i ngeall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, rud a fhágann gur gá imscrúdú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

Mar thoradh air sin, i bhfianaise Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, tá an líomhain go leanfar den dumpáil ó Dhaon-Phoblacht na Síne bunaithe ar chomparáid idir gnáthluach comhdhéanta ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa i dtír ionadaíoch iomchuí le praghas onnmhairiúcháin (ar leibhéal díreach ón monarcha) an táirge atá faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht nuair a dhíoltar lena onnmhairiú chuig an Aontas é.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ÓN gCOIMISIÚN 26 Eanáir 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna cinntitheacha frithdhumpála ar allmhairí feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe den chruach dosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine, bídís críochnaithe nó ná bídís, (IO L 22, 27.01.2017, lch. 14).

([4]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD(2017) 483 final/2 atá ar fáil ar: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf

([5]) Ró-acmhainn sa tSín: bac ar chlár oibre an Pháirtí maidir le hathchóiriú

([6]) OECD an Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach, Cad é an tsaincheist?

([7]) an Fóram domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach, Tuarascáil na Airí, an 20 Meán Fómhar 2018.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán táite agus feadán táite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 110, 8.4.2020, lch. 3).

Ar an mbonn sin tá na corrlaigh dumpála a ríomhtar suntasach do Dhaon-Phoblacht na Síne.

Tá an tuarascáil tíre ar fáil sa chomhad le scrúdú ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ([9]).

4.1.2. *Líomhain gur dócha go leanfar den dumpáil ón Téaváin*

Ainneoin an díchill a rinne an t-iarratasóir le sonraí a fháil faoi na praghsanna intíre sa Téaváin, ní raibh na sonraí sin le fáil. In éagmais sonraí iontaofa maidir le praghsanna intíre don Téaváin, tá líomhain na dóchúlachta ann go leanfar le dumpáil bunaithe ar chomparáid idir gnáthluach comhdhéanta (costais mhonaraíochta, costais díola, costais ghinearálta agus costais riaracháin (SG&A) agus brabús) sa Téaváin agus praghas onnmhairiúcháin (díreach ón monarcha) an táirge atá faoi athbhreithniú nuair a dhíoltar é lena onnmhairiú chuig an Aontas. Maidir leis an mbunfhiosrúchán, is rud é a bhí ag brath ar ghnáthluach comhdhéanta.

Ar an mbonn sin tá na corrlaigh dumpála a ríomhtar suntasach i gcás na Téaváine.

4.2. ***Líomhain go bhfuil dóchúlacht ann go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sé arís***

Líomhnaíonn an t-iarratasóir an dóchúlacht go leanfaidh Daon-Phoblacht na Síne agus an Téaváin den díobháil atá siad a dhéanamh. I ndáil leis sin, tá fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag na hiarratasóirí go bhfuil allmhairiú an táirge atá faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann chuig an Aontas fós suntasach i dtéarmaí absalóideacha agus i dtéarmaí scaireanna sa mhargadh.

Má léiríonn an fhianaise arna soláthar ag an iarratasóir go bhfuil meath ag teacht ar staid airgeadais thionscal an Aontais mar thoradh ar an laghdú ar phraghsanna. Líomhnaigh siad gurb é is cúis leis sin ná na hallmhairí ar phraghas íseal ó na tíortha lena mbaineann.

Gan dochar dá bhfuil thuas, líomhnaíonn an t-iarratasóir freisin gur dócha go dtarlóidh díobháil ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téaváin arís. I ndáil leis sin, tá dóthain fianaise curtha ar fáil ag an iarratasóir gur dócha go dtiocfaidh méadú ar an leibhéal reatha allmhairithe den táirge atá faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téaváin chuig an Aontas, mar gheall ar an acmhainn nár úsáideadh a bheith ann i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Téaváin, agus i ndáil le leibhéal na n-allmhairithe atá ann cheana. In éagmais na mbeart reatha, bhí fianaise shoiléir ann idir sladghearradh agus ghearrdhíol a bheith á ndéanamh ar allmhairí ón dá thír lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe a úsáideadh san iarraidh ar athbhreithniú. Ar a bhun sin, dá ligfí na bearta in éag, is é toradh is dócha a bheadh ar mhéid na n-allmhairí ar phraghsanna dumpáilte ó na tíortha lena mbaineann díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais an athuair.

5. **Nós imeachta**

Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, go bhfuil fianaise leordhóthanach ann go bhfuil dóchúlacht dumpála agus díobhála ann chun údar a thabhairt le hathbhreithniú éaga a thionscnamh, déanann an Coimisiún athbhreithniú a thionscnamh leis seo i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

Cinnfear leis an athbhreithniú dul in éag an dóigh a leanfar leis an táirge atá faoi athbhreithniú agus gur de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine a bheadh ann mar thoradh ar dhul in éag na mbeart, agus go leanfaí leis an díobháil do thionscal an Aontais, sin nó go dtarlódh sí arís.

Tarraingíonn an Coimisiún aird na bpáirtithe ar an bhFógra ([10]) arna fhoilsiú maidir le hiarmhairtí na ráige COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a d'fhéadfadh a bheith infheidhme maidir leis an imeacht seo.

5.1. ***An tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú***

An t-imscrúdú chun fáil amach an leanfar den dumpáil nó an dtarlóidh sí arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ("tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin"). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin ("an tréimhse faoi bhreathnú").

([9]) Féadfar na doiciméid a luaitear sa tuarascáil tíre a fháil freisin ach sin a iarraidh go cuí-réasúnaithe.

([10]) IO C 86, 16.3.2020, lch. 6(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020XC0316%2802%29).

5.2. ***Barúlacha faoin iarraidh agus faoi thionscnamh an imscrúdaithe***

Ní mór do na páirtithe leasmhara uile ar mian leo tuairim a thabhairt ar an iarraidh (lena n-áirítear ábhair a bhaineann le díobháil agus cúisíocht) nó aon ghnéithe a bhaineann le tionscnamh an imscrúdaithe (lena n-áirítear an méid tacaíochta don iarraidh) é sin a dhéanamh laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([11]).

Ní mór aon iarraidh ar éisteacht maidir le tionscnamh an imscrúdaithe a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

5.3. ***Nós imeachta chun an dóchúlacht go leanfar de dhumpáil a chinneadh***

In athbhreithniú ar dhul in éag, déanann an Coimisiún scrúdú ar onnmhairithe a rinneadh chuig an Aontas le linn na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe agus, beag beann ar onnmhairí chuig an Aontas, measann sé an amhlaidh, de bharr staid na gcuideachtaí a tháirgeann agus a dhíolann an táirge atá faoi athbhreithniú sna tíortha lena mbaineann, gur dócha go leanfaí ar aghaidh le honnmhairí ag praghsanna dumpáilte chuig an Aontas nó go dtarlóidh siad arís dá rachadh na bearta in éag.

Dá bhrí sin, iarrtar ar na táirgeoirí ([12]) uile an táirge atá faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann, lena n-áirítear iad siúd nár chomhoibrigh sna himscrúduithe as a dtiocfaidh na bearta atá i bhfeidhm, páirt a ghlacadh in imscrúdú an Choimisiúin.

5.3.1. *Imscrúdú a dhéanamh ar tháirgeoirí sna tíortha lena mbaineann*

I bhfianaise an líon mór táirgeoirí a d'fhéadfadh a bheith i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Téaváin atá páirteach san athbhreithniú seo ar dhul in éag agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na teorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún na táirgeoirí a bhfuil imscrúdú le déanamh orthu a theorannú go líon réasúnta trí shampla a roghnú (gairtear "sampláil" freisin ar an bpróiseas sin). Is i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán a dhéanfar an tsampláil.

D'fhonn a chur ar chumas an Choimisiúin cinneadh a dhéanamh an gá sampláil a dhéanamh, agus más gá, sampla a roghnú, iarrtar leis seo ar na táirgeoirí go léir, nó ar na hionadaithe uile a bhí ag gníomhú thar a gceann, lena n-áirítear na táirgeoirí nó na hionadaithe nár chomhoibrigh san imscrúdú as ar tháinig na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe seo, faisnéis faoina gcuideachtaí a chur ar fáil don Choimisiún laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ní mór an fhaisnéis seo a chur ar fáil trí TRON.tdi ag an seoladh seo a leanas: https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi/form/R758_SAMPLING_FORM_FOR_EXPORTING_PRODUCER. Is féidir teacht ar fhaisnéis faoi rochtain ar an trón i roinn 5.6 agus i roinn 5.9 thíos.

D'fhonn an fhaisnéis a fháil a mheasann sé is gá chun sampla na dtáirgeoirí sna tíortha i dtrácht a roghnú, rachaidh an Coimisiún i dteagmháil freisin le húdaráis na dtíortha i dtrácht, agus féadfaidh sé dul i dteagmháil le haon chomhlachais táirgeoirí sna tíortha sin a bhfuiltear ar an eolas fúthu.

Má tá sampla riachtanach, roghnófar na táirgeoirí bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó táirgthe, díolacháin nó onnmhairí is féidir a imscrúdú go réasúnach laistigh den am atá ar fáil. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do gach táirgeoir is aithnid sna tíortha lena mbaineann, d'údaráis na dtíortha lena mbaineann agus do chomhlachais táirgeoirí, trí údaráis na dtíortha lena mbaineann, más iomchuí, faoi na cuideachtaí a roghnófar le bheith sa sampla.

Nuair a bheidh an fhaisnéis is gá faighte ag an gCoimisiún chun sampla táirgeoirí a roghnú, cuirfidh sé a chinneadh in iúl do na páirtithe lena mbaineann an bhfuil siad san áireamh sa sampla. Beidh ar na táirgeoirí samplála ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a dtabharfar fógra faoin gcinneadh iad a áireamh sa sampla.

([11]) Is ionann gach tagairt d'fhoilsiú an Fhógra seo agus tagairt d'fhoilsiú an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ach amháin má shonraítear a mhalairt.

([12]) Is éard is táirgeoir ann aon chuideachta sna tíortha lena mbaineann a tháirgeann an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear aon cheann dá chuideachtaí gaolmhara a bhfuil baint acu le táirgeadh, le díolacháin intíre nó le honnmhairiú an táirge atá faoi athbhreithniú.

Cuirfidh an Coimisiún nóta leis an gcomhad le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara agus iad ag léiriú roghnú an tsampla. Ní mór aon trácht ar roghnú an tsampla a fháil laistigh de 3 lá ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh samplach.

Tá cóip den cheistneoir do tháirgeoirí sna tíortha lena mbaineann ar fáil sa chomhad le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2574.

Gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha Airteagal 18 den bhun-Rialachán, cuideachtaí a d'aontaigh go bhféadfaí iad a chur leis an sampla, cé nach roghnaítear sa sampla iad, measfar gur ag comhoibriú atá siad.

5.3.2. *Nós imeachta breise maidir le Daon-Phoblacht na Síne atá faoi réir saobhadh suntasach*

Faoi réir fhorálacha an Fhógra seo, iarrtar ar na páirtithe leasmhara uile leis seo a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a thíolacadh agus fianaise thacaíochta a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Ach amháin má shonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Go háirithe, iarrann an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara uile a dtuairim a chur in iúl maidir leis na hionchuir agus maidir le cóid an Chórais Chomhchuibhithe (HS) a sholáthraítear san iarraidh, tír ionadaíoch nó tíortha ionadaíocha iomchuí a mholadh agus céannacht táirgeoirí an táirge atá faoi imscrúdú sna tíortha sin a chur ar fáil. Ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Fhógra seo.

De bhun phointe (e) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, déanfaidh an Coimisiún, go gairid tar éis a thionscanta, trí bhíthin nóta a ghabhann leis an gcomhad lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara, na páirtithe san imscrúdú a chur ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a bhfuil sé beartaithe aige a úsáid chun críche an gnáthluach a chinneadh i nDaon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Cumhdófar leis sin gach foinse, lena n-áirítear tríú tír ionadaíoch iomchuí a roghnú i gcás inarb iomchuí. Tabharfar 10 lá do pháirtithe an imscrúdaithe ón dáta a gcuirfear an nóta sin leis an gcomhad sin chun barúlacha a chur isteach.

De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, is í an Téalainn an tríú tír ionadaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag Daon-Phoblacht na Síne sa chás sin. D'fhonn an tríú tír ionadaíoch iomchuí a roghnú ar deireadh, scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil tíortha ann a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche acu atá cosúil le leibhéal Dhaon-Phoblacht na Síne, ina bhfuil táirgeadh agus díolacháin an táirge faoi athbhreithniú agus ina bhfuil sonraí ábhartha ar fáil go héasca. I gcás a bhfuil breis agus tír amháin den sórt sin ann, tabharfar tosaíocht, i gcás inarb iomchuí, do thíortha ag a bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

Maidir leis na foinsí ábhartha, iarrann an Coimisiún ar tháirgeoirí uile Dhaon-Phoblacht na Síne faisnéis a chur ar fáil maidir leis na hábhair (amh agus próiseáilte) agus fuinneamh a úsáidtear chun an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ní mór an fhaisnéis seo a chur ar fáil trí TRON.tdi ag an seoladh seo a leanas: https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi/form/R758_INFO_ON_INPUTS_FOR_EXPORTING_PRODUCER_FORM. Is féidir teacht ar fhaisnéis faoi rochtain ar an trón i roinn 5.6 agus i roinn 5.9 thíos.

Thairis sin, ní mór aon fhaisnéis fhíorasach a chuirtear isteach chun luach a chur ar chostais agus ar phraghsanna de bhun phointe (a) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chomhdú laistigh de 65 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ba cheart faisnéis fhíorasach den sórt sin a thógáil go heisiach ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí.

D'fhonn an fhaisnéis a fháil a mheasann sé a bheith riachtanach dá imscrúdú i ndáil leis an saobhadh suntasach líomhnaithe de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, cuirfidh an Coimisiún ceistneoir ar fáil freisin do Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne.

5.3.3. *Allmhaireoirí neamhghaolmhara a imscrúdú* ([13]) ([14])

Iarrtar ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an táirge atá faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann chuig an Aontas, lena n-áirítear na tíortha nár chomhoibrigh san imscrúdú a mbeidh na bearta atá i bhfeidhm mar thoradh air, páirt a ghlacadh san imscrúdú sin.

I bhfianaise líon mór na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an athbhreithniú seo ar dhul in éag, agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na teorainneacha ama reachtúla, féadfaidh an Coimisiún teorainn a chur le líon réasúnta na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara a dhéanfar a imscrúdú trí shampla a roghnú (gairtear "sampláil" den phróiseas sin freisin). Is i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán a dhéanfar an tsampláil.

Chun a chur ar chumas an Choimisiúin a chinneadh an bhfuil gá leis an tsampláil agus, más gá, chun sampla a roghnú, iarrtar leis seo ar gach allmhaireoir neamhghaolmhar, nó ar gach ionadaí neamhghaolmhar atá ag gníomhú thar a gceann, lena n-áirítear na cinn nár chomhoibrigh san imscrúdú as a dtiocfaidh na bearta atá faoi réir an athbhreithnithe seo, a chur in iúl don Choimisiún go bhfuil siad ann. Ní mór do na páirtithe sin é sin a dhéanamh laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo tríd an eolas a iarrtar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bhFógra seo a chur ar fáil don Choimisiún.

D'fhonn faisnéis a fháil a mheasann sé a bheith riachtanach do roghnú an tsampla d'allmhaireoirí neamhghaolmhara, féadfaidh an Coimisiún dul i dteagmháil freisin le haon chomhlachas allmhaireoirí aitheanta.

Más sampla riachtanach atá i gceist, féadfar na hallmhaireoirí a roghnú bunaithe ar an méid ionadaíoch is mó díolachán den táirge atá faoi athbhreithniú ó na tíortha lena mbaineann san Aontas a fhéadfar a imscrúdú go réasúnach laistigh den am atá ar fáil. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do gach allmhaireoir neamhghaolmhar agus do gach comhlachas allmhaireoirí aithnid faoi na cuideachtaí a roghnaíodh le bheith sa sampla.

Cuirfidh an Coimisiún nóta leis an gcomhad le hiniúchadh ag na páirtithe leasmhara agus iad ag léiriú roghnú an tsampla. Ní mór aon trácht ar roghnú an tsampla a fháil laistigh de 3 lá ón dáta ar tugadh fógra faoin gcinneadh samplach.

Chun an fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe a fháil, cuirfidh an Coimisiún ceistneoir chuig na hallmhaireoirí sampláilte neamhghaolmhara. Ní mór do na páirtithe sin ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta ar tugadh fógra faoin roghnú sampla, ach amháin má shonraítear a mhalairt.

Tá cóip den cheistneoir le haghaidh tháirgeoirí an Aontais ar fáil sa chomhad le scrúdú ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2574.

5.4. ***Nós imeachta lena chinneadh gur dócha go leanfaidh díobháil nó go dtarlóidh díobháil arís***

D'fhonn a shuíomh an bhfuil dóchúlacht ann go leanfar de dhíobháil do thionscal an Aontais nó go ndéanfaí díobháil arís dó, iarrann an Coimisiún ar tháirgeoirí Aontais an táirge atá faoi athbhreithniú páirt a ghlacadh san imscrúdú.

([13]) Ní féidir ach allmhaireoirí nach mbaineann le táirgeoirí sa tír nó sna tíortha lena mbaineann a shampláil. Ní mór d'allmhaireoirí a bhfuil baint acu le táirgeoirí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gceistneoir do na táirgeoirí sin a líonadh isteach. I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme, measfar beirt a bheith gaolmhar: (a) más oifigeach nó stiúrthóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más le tríú páirtí 5 % nó níos mó de na stoic nó de na scaireanna le cearta vótála de chuid na beirte acu, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go hindíreach; (e) má stiúrann duine amháin acu an duine eile go díreach nó go hindíreach; (f) má tá an bheirt acu faoi stiúradh díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go hindíreach le chéile; nó (h) gur baill den teaghlach céanna iad (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558). Ní mheasfar daoine a bheith den teaghlach céanna ach amháin má tá siad in aon ghaol acu seo a leanas le chéile: (i) fear céile agus bean chéile, (ii) tuismitheoir agus leanbh, (iii) dartháir agus deirfiúr (más ionann athair agus máthair dóibh nó más ionann tuismitheoir amháin dóibh), (iv) seanathair nó seanmháthair, (v) uncail nó aintín agus nia nó neacht, (vi) tuismitheoir céile agus cliamhain nó banchliamhain, (vii) dartháir céile agus deirfiúr chéile. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, ciallaíonn "duine" duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chomhlachas daoine nach duine dlítheanach é ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([14]) Féadfar na sonraí a chuireann allmhaireoirí neamhghaolmhara ar fáil a úsáid freisin i ndáil le gnéithe den imscrúdú sin seachas an dumpáil a chinneadh.

5.4.1. *Táirgeoirí an Aontais a imscrúdú*

I bhfianaise líon mór táirgeoirí an Aontais atá páirteach san athbhreithniú seo maidir le dul in éag agus chun an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na teorainneacha ama reachtúla, chinn an Coimisiún teorainn réasúnta a chur le líon réasúnta táirgeoirí an Aontais a dhéanfar a imscrúdú trí shampla a roghnú (gairtear "sampláil" freisin den phróiseas sin). Déantar an tsampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Tá sampla de tháirgeoirí an Aontais roghnaithe go sealadach ag an gCoimisiún. Is féidir sonraí a fháil sa chomhad le iniúchadh ag na páirtithe leasmhara.

Iarrtar ar na páirtithe leasmhara leis seo a dtuairimí a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ina theannta sin, ní mór do tháirgeoirí eile de chuid an Aontais, nó ionadaithe atá ag gníomhú thar a gceann, lena n-áirítear táirgeoirí de chuid an Aontais nár chomhoibrigh san imscrúdú as ar tháinig na bearta atá i bhfeidhm, a mheasann go bhfuil cúiseanna ann gur cheart iad a chur san áireamh sa sampla, teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ní mór na barúlacha ar fad maidir leis an sampla sealadach a fháil laistigh de 7 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, ach amháin má shonraítear a mhalairt.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra sa sampla do gach táirgeoir agus/nó comhlachas aitheanta de chuid an Aontais de tháirgeoirí an Aontais a roghnaítear sa sampla.

Beidh ar na táirgeoirí samplála ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 30 lá ón dáta a dtabharfar fógra faoin gcinneadh iad a áireamh sa sampla.

Tá cóip den cheistneoir le haghaidh tháirgeoirí an Aontais ar fáil sa chomhad le scrúdú ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2574

5.5. ***Nós imeachta chun leas an Aontais a mheasúnú***

I gcás ina ndeimhneofar an dóchúlacht go leanfar le dumpáil agus díobháil nó go dtarlóidh siad arís, cinnfear de bhun Airteagal 21 den bhun-Rialachán an mbeadh sé i gcoinne leas an Aontais na bearta frithdhumpála a choinneáil.

Iarrtar ar tháirgeoirí, ar allmhaireoirí agus ar a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumainn agus eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí faisnéis faoi leas an Aontais a chur ar fáil don Choimisiún.

Ní mór faisnéis maidir leis an measúnú ar leas an Aontais a chur ar fáil laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo, ach amháin má shonraítear a mhalairt. Féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar i bhformáid shaor nó trí cheistneoir a d'ullmhaigh an Coimisiún a chomhlánú.

Tá cóip de na ceistneoirí, lena n-áirítear an ceistneoir le haghaidh úsáideoirí an táirge atá faoi athbhreithniú, ar fáil sa chomhad le hiniúchadh ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2574.

I gcás ar bith, ní dhéanfar faisnéis a thíolactar de bhun Airteagal 21 a chur san áireamh ach amháin má thacaíonn fianaise fhíorasach léi tráth a tíolactha, ar fianaise í a thugann bunús lena bailíocht.

5.6. ***Páirtithe leasmhara***

D'fhonn a bheith rannpháirteach san imscrúdú, ní mór do pháirtithe leasmhara, amhail táirgeoirí sna tíortha lena mbaineann, táirgeoirí an Aontais, allmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumainn agus eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí a léiriú ar dtús go bhfuil nasc oibiachtúil idir a ngníomhaíochtaí agus an táirge atá faoi athbhreithniú.

Measfar gur páirtithe leasmhara iad táirgeoirí sna tíortha lena mbaineann, táirgeoirí, allmhaireoirí agus comhlachais ionadaíocha de chuid an Aontais a chuir faisnéis ar fáil i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhfuil tuairisc orthu i roinn 5.3.1, i roinn 5.3.3 agus i roinn 5.4.1 má tá nasc oibiachtúil idir a ngníomhaíochtaí agus an táirge faoi athbhreithniú.

Ní bheidh páirtithe eile in ann páirt a ghlacadh san imscrúdú mar pháirtí leasmhar ach amháin ón nóiméad a chuirfidh siad in iúl gur ann dóibh, agus ar choinníoll go bhfuil nasc oibiachtúil idir a ngníomhaíochtaí agus an táirge atá faoi athbhreithniú. Má mheastar gur páirtí leasmhar é, tá sé gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

Déantar rochtain ar an gcomhad atá ar fáil do pháirtithe leasmhara le hiniúchadh trí Tron.tdi ag an seoladh seo a leanas: https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/TDI. Lean na treoracha ar an leathanach sin chun rochtain a fháil ([15]).

5.7. ***Aighneachtaí eile i scríbhinn***

Faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a sholáthar. Ach amháin má shonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

5.8. ***An deis éisteacht a fháil le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin***

Féadfaidh gach páirtí leasmhar éisteacht le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin a iarraidh. Ní mór aon iarraidh ar éisteacht a fháil a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór cúiseanna na hiarrata a shonrú ann chomh maith le hachoimre ar an méid is mian leis an bpáirtí leasmhar a phlé le linn na héisteachta. Beidh an éisteacht teoranta do na saincheisteanna a leag na páirtithe leasmhara amach i scríbhinn roimh ré.

I bprionsabal, ní bhainfear úsáid as éisteachtaí chun faisnéis fhíorasach nach bhfuil ar chomhad go fóill a chur i láthair. Mar sin féin, ar mhaithe le dea-riarachán agus chun seirbhísí an Choimisiúin a chumasú chun dul ar aghaidh leis an imscrúdú, féadfar a ordú do pháirtithe leasmhara faisnéis fhíorasach nua a sholáthar tar éis éisteachta.

5.9. ***Treoracha maidir le haighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh, agus maidir le ceistneoirí comhlíonta agus comhfhreagras a sheoladh***

Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipchirt. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchearta tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrach ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear don Choimisiún a) an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú sin i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gcearta chun cosanta a fheidhmiú.

Cuirfear an lipéad "*Íogair*" ([16]) ar gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar sa Rialachán seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras atá curtha ar fáil ag na páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí leo. Páirtithe a thíolacann faisnéis le linn an imscrúdaithe seo, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfí i modh rúin leo.

Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis "*Íogair*" achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán, achoimrí a gcuirfear lipéad orthu a shonrófar "*Mar eolas do pháirtithe leasmhara*". Ba cheart na hachoimrí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain ionas go bhféadfar bunús na faisnéise a tíolacadh faoi rún a thuiscint go réasúnta. Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thaispeáint le hiarraidh gur i modh rúin a gcaithfí leo nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Iarrtar ar pháirtithe leasmhara gach aighneacht agus iarraidh a dhéanamh trí TRON.tdi (https://tron.trade.ec.europa.eu/ tron/TDI) lena n-áirítear cumhachtaí aturnae agus bileoga deimhniúcháin scanta. Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad "COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA", doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148003.pdf. Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir teileafóin agus seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuireann siad ar fáil, agus gur seoladh é a sheiceáiltear gach lá.

([15]) I gcás fadhbanna teicniúla, déan teagmháil le do thoil leis an Deasc Seirbhíse Trádála trí ríomhphost a sheoladh chuig TRADE-SERVICE-DESK@ec.europa.eu nó ar an nguthán + 32 2 297 97 97.

([16]) Is doiciméad "*Íogair*" doiciméad a meastar é a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

Tráth a chuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, seachas sa chás go n-iarrfaidh siad na doiciméid uile ar an gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide go sainráite, nó mura rud é gur gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí TRON.tdi agus trí ríomhphost, ba cheart do na páirtithe leasmhara na treoracha cumarsáide a cheadú leis na páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

an Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Trádála
Stiúrthóireacht G
Oifig: CHAR 04/039
1049 An Bhruiséil
BELGIQUE/BELGIË

TRON. tdi: https://tron.trade.ec.europa.eu/tron/tdi

Ríomhphost:

Saincheisteanna dumpála a bhaineann le Daon-Phoblacht na Síne: TRADE-R758-SSTPF-DUMPING-CHINA@ec.europa.eu

Saincheisteanna dumpála a bhaineann leis an Téaváin: TRADE-R758-SSTPF-DUMPING-TAIWAN@ec.europa.eu

Saincheisteanna díobhála agus leas an Aontais: TRADE-R758-SSTPF-INJURY@ec.europa.eu

6. **Sceideal an imscrúdaithe**

De ghnáth, cuirfear an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 12 mhí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 15 mhí ó dháta foilsithe an Fhógra seo, de bhun Airteagal 11(5) den bhun-Rialachán.

7. **Faisnéis a chur isteach**

De ghnáth, ní fhéadfaidh páirtithe leasmhara faisnéis a chur isteach ach amháin sna tréimhsí a shonraítear in alt 5 den Fhógra seo.

D'fhonn an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na spriocdhátaí éigeantacha, ní ghlacfaidh an Coimisiún le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara tar éis an spriocdháta chun tuairimí a thabhairt faoin nochtadh deiridh nó, más infheidhme, tar éis an spriocdháta chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh breise.

8. **An deis barúlacha a thabhairt maidir le haighneachtaí páirtithe eile**

Chun cearta na cosanta a ráthú, ba cheart an deis a bheith ag páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le faisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach. Agus sin á dhéanamh acu, ní fhéadfaidh páirtithe leasmhara aghaidh a thabhairt ach ar na saincheisteanna a ardaítear in aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara eile agus ní fhéadfaidh siad saincheisteanna nua a tharraingt anuas.

Na barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile ar fáil mar fhreagairt ar nochtadh na dtorthaí cinntitheacha, ba cheart iad sin a chur isteach laistigh de 5 lá ón sprioc-am chun tuairim a thabhairt ar na torthaí cinntitheacha, ach amháin má shonraítear a mhalairt. Más ann do nochtadh deiridh breise, na barúlacha a rinne páirtithe leasmhara eile mar fhreagairt ar an nochtadh breise sin, ba cheart iad sin a chur isteach laistigh de 1 lá ón sprioc-am chun tuairim a thabhairt ar an nochtadh breise sin, ach amháin má shonraítear a mhalairt.

Tá an tráthchlár a leagtar amach gan dochar do cheart an Choimisiúin faisnéis bhreise a iarraidh ar pháirtithe leasmhara i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

9. **Síneadh ama leis na teorainneacha ama a shonraítear san Fhógra seo**

Féadfar faduithe chuig teorainneacha ama dá bhforáiltear san Fhógra seo a dheonú arna iarraidh sin do pháirtithe leasmhara a léiríonn cúis chuí.

Níor cheart aon síneadh maidir leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear san Fhógra seo a iarraidh ach amháin in imthosca eisceachtúla, agus ní dhéanfar é a dheonú ach amháin má tá údar cuí leis. I gcás ar bith, beidh teorainn 3 lá de ghnáth le síneadh a chur leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt ar cheistneoirí, agus mar riail ghinearálta ní rachaidh sé thar 7 lá. Maidir le teorainneacha ama chun faisnéis eile a shonraítear san Fhógra tionscnaimh a chur isteach, beidh teorainn 3 lá leis na síntí ama, ach amháin má léirítear gurb ann d'imthosca eisceachtúla.

10. **Neamh-chomhoibriú**

Má dhiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí deimhneacha nó diúltacha a thabhairt ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

I gcás inar léir gur sholáthair páirtí leasmhar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfar neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin agus féadfar úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.

Mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, má tá na torthaí bunaithe ar fhíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach céanna don pháirtí sin agus a bheadh dá mbeadh comhoibriú déanta aige.

Ní mheasfar gur neamh-chomhoibriú é mainneachtain freagra leictreonach a thabhairt, ar choinníoll go léiríonn an páirtí leasmhar go mbeadh ualach breise nó costas breise mí-réasúnach mar thoradh ar an bhfreagra a thabhairt ar an mbealach a iarradh é. Ba cheart don pháirtí leasmhar teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach.

11. **Oifigeach Éisteachta**

Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a bhaineann le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe faoi mar a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta.

Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí/na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú go hiomlán. Ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh i scríbhinn agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.

Ní mór aon iarraidh a thíolacadh in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do na páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. I gcás ina dtíolactar iarrataí éisteachta lasmuigh de na tréimhsí ama ábhartha, déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú freisin ar na cúiseanna le hiarrataí déanacha den sórt sin, ar chineál na saincheisteanna a tarraingíodh anuas agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna dea-riaracháin agus do chríochnú tráthúil an imscrúdaithe.

Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/hearing-officer/.

12. **An deis athbhreithniú a iarraidh faoi Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán**

Ós rud é go ndéantar an t-athbhreithniú éaga seo a thionscnamh i gcomhréir le forálacha Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ní bheidh na bearta atá ann cheana mar thoradh ar thorthaí an athbhreithnithe sin, ach is é an toradh a bheidh air sin go ndéanfar na bearta sin a aisghairm nó a choimeád i gcomhréir le hAirteagal 11(6) den bhun-Rialachán.

Má mheasann aon pháirtí leasmhar go bhfuil údar maith leis na bearta a athbhreithniú ionas go bhféadfaí na bearta a leasú, féadfaidh an páirtí sin athbhreithniú a iarraidh de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán.

Féadfaidh páirtithe ar mian leo athbhreithniú den sórt sin a iarraidh, rud a dhéanfaí go neamhspleách ar an athbhreithniú ar dhul in éag a luaitear san Fhógra seo, teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún ag an seoladh a thugtar thuas.

13. **Sonraí pearsanta a phróiseáil**

Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chaithfear le haon sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo ([17]).

Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine aonair ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: http://ec.europa.eu/trade/policy/accessing- markets/trade-defence/

([17]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

IARSCRÍBHINN

☐	Leagan "Íogair"
☐	Leagan "Le haghaidh a iniúchta ag páirtithe leasmhara"
(cuir tic sa bhosca iomchuí)	

ATHBHREITHNIÚ ÉAGA AR NA BEARTA FRITHDHUMPÁLA IS INFHEIDHME MAIDIR LE HALLMHAIRÍ FEISTIS FEADÁN AGUS PÍOBÁN BUNTÁTHAITHE ÁIRITHE DEN CHRUACH DHOSMÁLTA, BÍDÍS CRÍOCHNAITHE NÓ NÁ BÍDÍS, DAR TIONSCNAMH DAON-PHOBLACHT NA SÍNE AGUS AN TÉAVÁIN.

EOLAS FAOI ROGHNÚ AN TSAMPLA D'ALLMHAIREOIRÍ NEAMHBHAINTEACHA

Tá an fhoirm seo ceaptha chun cabhrú le hallmhaireoirí neamhghaolmhara freagra a thabhairt ar an iarraidh ar fhaisnéis samplála a dhéantar i bpointe 5.3.2. den fhógra tionscnaimh.

Ba cheart an leagan "Íogair" agus an leagan "Le cigireacht ag na páirtithe leasmhara" a thabhairt ar ais don Choimisiún mar atá leagtha amach san fhógra tionscnaimh.

1. CÉANNACHT AGUS SONRAÍ TEAGMHÁLA

Tabhair na sonraí seo a leanas faoi do chuideachta:

Ainm na cuideachta	
Seoladh	
Teagmhálaí	
Seoladh ríomhphoist	
Teileafón	

2. LÁIMHDEACHAS AGUS MÉID NA NDÍOLACHÁN

Léirítear láimhdeachas iomlán na cuideachta ina euro (EUR), an luach ina euro (EUR) agus an méid ina thonaí i gcás allmhairí isteach san Aontas agus athdhíolann sé ar mhargadh an Aontais tar éis allmhairiú ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téaváin, le linn na tréimhse athbhreithnithe imscrúdaithe, an táirge atá faoi athbhreithniú mar atá sainmhínithe san fhógra tionscnaimh.

	Tonaí	Luach ina euro (EUR)
Láimhdeachas iomlán do chuideachta féin ina euro (EUR)		
Allmhairí den táirge atá faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine isteach san Aontas		
Allmhairí den táirge atá faoi athbhreithniú isteach san Aontas (de gach tionscnamh)		
Athdhíolacháin ar mhargadh an Aontais tar éis an táirge faoi athbhreithniú a allmhairiú ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téaváin		

3. **GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO CHUIDEACHTA FÉIN AGUS CUIDEACHTAÍ GAOLMHARA** ([1])

Tabhair sonraí faoi ghníomhaíochtaí beachta na cuideachta agus na gcuideachtaí gaolmhara uile (liostaigh iad agus luaigh an caidreamh le do chuideachta, le do thoil) a bhfuil baint acu le táirgeadh agus/nó díol (onnmhairiú agus/nó intíre) an táirge atá faoi athbhreithniú. D'fhéadfaí a áireamh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin ceannach an táirge faoi athbhreithniú, é a chur ar fáil faoi shocruithe fochonraitheoireachta, nó é a phróiseáil nó a thrádáil, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin.

Ainm na cuideachta agus suíomh na cuideachta	Gníomhaíochtaí	Gaol

4. **FAISNÉIS EILE**

Tabhair aon fhaisnéis ábhartha eile a mheasann an chuideachta a bheith úsáideach chun cuidiú leis an gCoimisiún an sampla a roghnú.

5. **DEIMHNIÚCHÁN**

Tríd an bhfaisnéis thuasluaite a chur ar fáil, aontaíonn an chuideachta go bhféadfaí í a chur san áireamh sa sampla. Má roghnaítear an chuideachta le bheith mar chuid den sampla, is é a bheidh i gceist leis sin ceistneoir a líonadh isteach agus glacadh le cuairt ar a háitreabh chun a freagra a fhíorú. Má thugann an chuideachta le fios nach n-aontaíonn sí lena cur isteach sa sampla, measfar nár chomhoibrigh sí leis an imscrúdú. Tá torthaí an Choimisiúin d'allmhaireoirí neamh-chomhoibríocha bunaithe ar na fíricí atá ar fáil agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach don chuideachta sin agus a bheadh dá mbeadh comhoibriú déanta aici.

Síniú an oifigigh údaraithe:

Ainm agus teideal an oifigigh údaraithe:

Dáta:

([1]) I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a chur chun feidhme, measfar beirt a bheith gaolmhar: (a) más oifigeach nó stiúrthóir duine acu i ngnólacht an duine eile; (b) más comhpháirtithe gnó iad a bhfuil aitheantas dlíthiúil acu; (c) más fostóir agus fostaí iad; (d) más le tríú páirtí 5 % nó níos mó de na stoic nó de na scaireanna le cearta vótála de chuid na beirte acu, nó má rialaíonn nó má choinníonn tríú páirtí iad, go díreach nó go hindíreach; (e) má stiúrann duine amháin acu an duine eile go díreach nó go hindíreach; (f) má tá an bheirt acu faoi stiúradh díreach nó indíreach ag tríú páirtí; (g) má rialaíonn siad tríú duine go díreach nó go hindíreach le chéile; nó (h) gur baill den teaghlach céanna iad (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558). Ní mheasfar daoine a bheith den teaghlach céanna ach amháin má tá siad in aon ghaol acu seo a leanas le chéile: (i) fear céile agus bean chéile, (ii) tuismitheoir agus leanbh, (iii) deartháir agus deirfiúr (más ionann athair agus máthair dóibh nó más ionann tuismitheoir amháin dóibh), (iv) seanathair nó seanmháthair agus garleanbh, (v) uncail nó aintín agus nia nó neacht, (vi) tuismitheoir céile agus cliamhain nó banchliamhain, (vii) deartháir céile agus deirfiúr chéile. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, ciallaíonn "duine" duine nádúrtha, duine dlítheanach agus aon chomhlachas daoine nach duine dlítheanach é ach a n-aithnítear faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta go bhfuil an inniúlacht aige gníomhartha dlí a dhéanamh (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).